

## Roth mór an tsaoil

Beidh mo mháthair 60 bliain d'aois i mbliana. Mar bhronntanas breithlae di, táimid ag eagrú cuairte ar an nGearmáin chun go bhfeicfidh sí áit dhúchais a hathar den chéad uair.

I 1948, agus gan é ach 12, a tháinig mo sheanathair, Thomas, go hÉirinn, le grúpa de leanaí Gearmánacha a thug an Chros Dhearg anall tar éis an chogaidh. Chaill sé a thuismitheoirí san ionsaí buamála ar Köln. Cuireadh faoi chúram lánúine anseo é agus, ar ámharáí an tsaoil, d'uchtaigh siad é.

Bhí deartháir ag Thomas, Markus. D'fhan seisean sa Ghearmáin toisc go raibh sé tagtha in aois fir, ach i ngeall ar an gcíor thuathail tar éis an chogaidh, ba dhoiligh dóibh fanacht i dteagmháil le chéile agus d'imigh siad ó chaidreamh ar a chéile. Agus níor inis mo sheanathair dá chlann go raibh deartháir aige. Ghoill an tráma chomh mór air agus gurbh fhearr leis é a ligean i ndearmad.

San idirbhliain, bhí orm tionscadal a dhéanamh ar stair mo mhuintire agus chuir mé mo sheantuismitheoirí faoi agallamh. D'fhoghlaim mé rudaí iontacha uathu! Bhí post maith ag mo sheanmháthair leis an Roinn Oideachais nuair a bhí sí óg ach b'éigean di, faoi dhlíthe an stáit, éirí as an bpost nuair a phós sí. Cuireadh deireadh leis an dlí sin i 1973, an bhliain a chuaigh Éire isteach sa Chomhphobal Eorpach. Agus d'inis mo sheanathair dom faoi Markus. Caithfidh mé a rá gur dheacair dom scéalta na beirte a chreidiúint. Ní fhéadfainn a shamhlú go raibh an t-am ann nach bhféadfadh duine dul ag obair ina rogha áit ná an t-am a raibh sé fiordheacair teagmháil a choinneáil le duine i dtír eile. Nach mór an t-athrú a tháinig ar an tír seo sna 60 bliain ó rugadh mo mháthair! Tá i bhfad níos mó cearta ag na mná, tá fáil i ngach áit ar an idirlíon mar áis iontach taighde, agus tá an taisteal saor agus éasca.

A bhuí leis an tionscadal úd, chinn mé féin agus mo mháthair iarracht a dhéanamh Markus a aimsiú. Mar a tharla, bhí clann Markus i mbun na hoibre céanna agus bhí mac leis tar éis mír a phostáil ar líne cúpla mí roimhe sin ag lorg eolais faoi mo sheanathair. Bhí linn! Tháinig an dá theaghlach le chéile anseo in Éirinn 3 bliana ó shin agus b'iontach an ócáid í.

Táim anois sa dara bliain ar an ollscoil ag déanamh staidéir ar an Léann Eorpach agus ar an nGearmáinis. An bhliain seo chugainn beidh mé ag dul go Köln ar Erasmus. Agus tabharfaidh mo mháthair cuairt orm thall. Táimid beirt ag tnúth le haithne níos fearr a chur ar ár ngaolta Gearmánacha.